



Beartas eatramhach maidir le húsáid na teicneolaíochta don ríomhfhoghlaim chianda

Réamhrá

Is é aidhm an bheartais seo ná treoirínte agus eolas a sholáthar do bhaill foirne agus do dhaltaí agus a dtuismitheoirí i dtaca le húsáid na teicneolaíochta nuair a bhíonn cianfhoghlaim ar siúl acu, is é sin, in áit eile seachas sa scoil, i gcás nach féidir leis an múinteoir an rang a thabhairt sa láthair sin, mar a tharlódh dá mbeadh an rang ar siúl i dtimpeallacht seomra ranga.

Cé go bhfuil an beartas eatramhach seo ina bhunús leis an dea-chleachtas don chianfhoghlaim agus d'úsáid teicneolaíochtaí ar líne i rith an ghnáth-théarma scoile, ceapadh go sainiúil é chun freagairt don éigeandáil Covid-19, nuair nach raibh an dara rogha ag pobail scoile ach dul i muinín an chianteagaisc agus na cianfhoghlama gan choinne agus gan seans chun ullmhúcháin a dhéanamh roimh ré. Tá sé ceaptha treoir a chur ar fáil maidir le cianteagasc agus cianfhoghlaim a sholáthar i gcás gur gá ranganna a leithlisiú nó an scoil a dhúnadh gan fógra ar feadh tréimhse fhada.

Anseo i nGaelcholáiste Chomáin, is mian linn é a dhéanamh ríshoiléir dár gcomhpháirtithe go mbeidh na bunluachanna atá mar bhonn agus mar thaca ag ár mbeartais uile fós i bhfeidhm, is cuma cén chaoi a n-athraímid ár modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama agus cén áit a dtarlaíonn an teagasc agus an fhoghlaim sin. Ní chuirfear an beartas seo in áit ár mbeartas maidir le Fóin Mhóibíleacha, Úsáid Inghlactha ná Úsáid an Idirlín; ina ionad sin, tá sé ceaptha a bheith ina threoir thábhachtach bhreise, a thacóidh leis an bhfoghlaim ó ardán digiteach. An beartas atá curtha i láthair anseo, ba cheart é a léamh freisin in éineacht le beartais scoile eile, lena n-áirítear an Cód um Iompar Dearfach agus an Beartas Frithbhulaíochta (Cibearbhulaíocht san áireamh). Ba cheart do bhaill foirne an beartas seo a léamh i gcomhthéacs an Bheartais um na Meáin Shóisialta a chuir amach Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma in 2018.

Mar scoil atá faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, tá Gaelcholáiste Cholmáin, tríd an mbeartas seo, ag dréim lena chinntiú go mbeidh an chianfhoghlaim sábháilte do gach foghlaimeoir scoile faoin mBeartas Cosanta Leanaí agus go gcosnófar a sonraí freisin faoin reachtaíocht RGCS.

Is gá go scoileanna a chinntiú go mbeidh an fhoghlaim ar siúl i dtimpeallacht ina léirítear meas agus cothroime, agus ina gcomhlíontar a n-oibleagáidí reachtúla.

Ar an ábhar sin, ullmhaíodh an beartas seo de réir fhorálacha na Roinne Oideachais agus de réir chodanna ábhartha na n-alt agus rialachán seo a leanas:

- An tAcht Oideachais (1998)
- An tAcht Oideachais (Leas) (2000)
- An tAcht um Stádas Comhionann (2000)
- An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (2004) 🏠 An tAcht um Míchumas (2005)
- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018: Ritheadh an tAcht seo chun déileáil le próiseáil sonraí agus ceisteanna maidir le príobháideacht, arna n-eascart as an méid sonraí a choinnítear faoi dhaoine ar ríomhairí, méid a bhfuiltear ag cur leis i gcónaí.
- An Roinn Oideachais: Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna
- Treoirlínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais maidir le Cód Iompair a Fhorbairt (2008).
- An tAcht um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil) (1993): Sonraíonn an tAcht seo gur féidir teachtaireachtaí Teileachumarsáide a idircheapadh chun críche cion tromchúiseach a imscrúdú.
- An tAcht um Fhístaireachtaí (1989): Coisceann an tAcht seo dáileadh físeán ina bhfuil ábhar draosta ná mígheanasach, ábhar a d'fhéadfadh na daoine a fheiceann é a thruailliú nó a chur ar a n-aimhleas.
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998: Is reachtaíocht é an tAcht seo in aghaidh aon duine a dhéanann pornagrafaíocht leanaí a tháirgeadh, a phriontáil, a fhoilsiú, a dháileadh, a easpórtáil, a iompórtáil, a thaispeáint, a choinneáil ina sheibh féin, nó a dhíoladh, agus a dhéanann amhlaidh go feasach.

Treoirlínte maidir le húsáid chúí Ardán ar Líne chun ciantegasc agus cianfhoghlaim a sholáthar

An príomhardán ar líne atá á úsáid faoi láthair ag Gaelcholáiste Chomáin ná Microsoft

Teams. Tá sonraí cuntais faighte ag na daltaí ar fad. Má thagann fadhbanna aníos dóibh le Microsoft Office 365, moltar dóibh dul i dteagmháil le hoifig na scoile ar eolas@gcr.ie

Beidh na ráitis agus na treoracha sa bheartas seo fós i bhfeidhm, is cuma cén ardán a mbainimid leas as laistigh den scoil.

1. Ag iad ag obair ó chian, déanfaidh múinteoirí iarracht den chuid is mó cumarsáid a dhéanamh ar líne i rith na ngnáthuaireanta oibre de réir chlár ama na scoile, agus féachfaidh siad le cumarsáid le daltaí a sheachaint lasmuigh de na huairéanta sin. Ritheann an lá scoile ó 9:05 am go dtí 3.55 pm. Iarraimid ar gach duine i bpobal na scoile fógraí a chasadh as ar a bhfóin lasmuigh dá n-uairéanta foghlama/oibre.

2. Nuair a bheidh modheolaíochtaí cianfhoghlama á n-úsáid, déanfar soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a oiread agus is féidir, agus leanfar an gnáthchlár ama scoile. 3. Is cuma cén uair a bheidh dalta agus/nó múinteoir ar Teams, is é sin, bíodh an múinteoir ar líne ag teagasc nó ná bíodh, ón uair a logálann dalta isteach in Teams, is gá dó ná di cloí le rialacha na scoile, agus cuirfear na rialacha sin i bhfeidhm más riachtanach agus nuair is riachtanach.
4. A luaithe atá Team cruthaithe ag múinteoir, níl de chead ag dalta díreach imeacht uaidh.
5. Is leis an múinteoir an t-ábhar a chruthaíonn sé nó sí ar Teams, agus níl cead ag daltaí é sin a roinnt le daoine eile lasmuigh den Team mura bhfuil cead faighte uathu chuige sin. Ní ceart aon rang teagasc ar líne a thaifeadadh seachas má tá cead sonrath faighte ón múinteoir chun amhlaidh a dhéanamh. Sa chás seo, is den ríthábhacht é nach roinnfí a leithéid de thaifeadtaí.
6. Aon acmhainní a chuireann múinteoirí ar fáil, beidh siad inrochtana ar líne lasmuigh de na huaireanta scoile.
7. Déanfar tinreamh daltaí ar líne a thaifeadadh ar chóras VSWare na scoile, agus mar sin is iad na tuismitheoirí atá freagrach as a chinntiú go bhfuil a bpáiste ag freastal ar na ranganna laethúla ar líne. Toisc nach bhfuil an múinteoir i láthair go fisiciúil chun na daltaí a spreagadh, ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí an ról sin a ghlacadh orthu féin mar mhaoirseoirí seachas mar mhúinteoirí.
8. Is gá do thuismitheoirí aon tinreamh a mhíniú ach glaoch ar an scoil nó ríomhphost a sheoladh – [097 88940](tel:09788940) nó eolas@gcr.ie
9. D'fhéadfadh go roghnódh múinteoirí ranganna beo a dhéanamh. D'fhéadfadh go n-úsáidfidís Zoom nó glao comhdhála ar Microsoft Teams lena aghaidh sin. Ba mhaith linn aon chás a sheachaint ina mbeadh iallach ar dhaltaí a gceamaraí gréasáin a dhíchumasú agus/nó a bhfuaim a bhalbhú. Chun a leithéid sin a sheachaint, tá leas á bhaint againn as samhail ard-iontaoibhe. Cuirfidh na múinteoirí muinín sna daltaí go n-íompróidh siad iad féin go cuí ar líne, mar a dhéanfaidís sa rang de ghnáth. Is gá go mbeadh na daltaí gléasta go cuí. Ní dhéanfaidh na daltaí an rang a thaifeadadh ach amháin má tá cead faighte acu chuige sin roimh ré ón múinteoir atá i gceannas ar an rang beo ar líne. Má dhéanann duine éigin taifeadadh agus cead faighte lena aghaidh ón múinteoir, ní féidir é a roinnt le haon duine lasmuigh den rang.
10. Is iad na múinteoirí úinéirí / bainisteoirí na seisiún Teams a chruthaíonn siad. Is grúpaí ranga iomláin a bheidh i mórchuid na seisiún Teams ach d'fhéadfadh go n-athródh sin. Nuair a thugtar cuireadh do dhaltaí chuig Team agus nuair a chuirtear in Team iad, is ionann sin go díreach agus a bheith sa seomra ranga agus a bheith in éineacht le grúpa ranga. Bíonn múinteoir acu agus tá na rialacha scoile céanna i bhfeidhm.

11. Ní dhéanfaidh múinteoir cumarsáid ach amháin le daltaí atá cláraithe san Ardán ceart, mura bhfuil a mhalairt de shocruithe comhaontaithe roimh ré leis an dá pháirtí.
12. Ní dhéanfaidh múinteoir cumarsáid ach amháin le daltaí atá ag úsáid a gcuntais Bhord Oideachais agus Oiliúna agus atá logáilte isteach ann.
13. Ní ceart do mhúinteoirí riamh cumarsáid a dhéanamh le daltaí ar láithreáin mheán sóisialta, m.sh. Facebook, Snapchat, Hangouts, WhatsApp srl., agus tá an méid sin curtha ar a súile dóibh. Is féidir le múinteoirí na meáin shóisialta a úsáid chun sampla de dhea-obair a thaispeáint do thuismitheoirí agus do phobal na scoile i gcoitinne, ach ní úsáidfear iad chun teagasc agus foghlaim a dhéanamh. Aon ghníomhaíocht a bhaineann leis na meáin shóisialta, ní thaispeánfar í ach amháin ar chuntais mheán sóisialta oifigiúil na scoile (Facebook agus Twitter). Ba cheart ainmneacha daltaí a bhaint den obair atá ar taispeáint.
14. Níl cead ag na daltaí féin seisiún Teams a chruthú laistigh den Team atá cruthaithe ag an múinteoir.
15. Tá cosc, ar líne nó lasmuigh de na gnáthuaireanta scoile, ar aon iompar ná teanga atá míchuí de réir na rialacha scoile agus nach mbeadh ceadaithe i rith na ngnáthuaireanta scoile. Beidh iarmhairtí an iompair sin amhail is dá mbeadh daltaí sa scoil féin, mar go bhfuil siad ag tabhairt faoi obair scoile atá leagtha síos, go bhfuil siad ar ardán a chruthaigh an scoil agus leas á bhaint acu as logáil isteach scoile, agus mar gurb iad foireann na scoile atá i gceannas ar an méid sin a stiúradh.
16. Aon chaint ionsaitheach, bhagrach nó ghránna thar na bearta a dhéantar i leith dalta eile ná múinteora, d'fhéadfadh go ndéanfaí é sin a thuairisciú do na Gardaí nó do TUSLA nó don dá cheann.
17. I dtaca le tuairisciú Cosanta Leanaí faoi shainordú, tá na critéir chéanna i bhfeidhm is atá nuair a bhíonn an páiste á mhúineadh ar scoil.
18. Na forálacha uile a bhaineann le sonraí an pháiste, tá siad fós faoi na nósanna imeachta agus treoirínte RGCS céanna.
19. I dtaca leis na cúrsaí ar fad a bhaineann le Cód um Iompar Dearfach ár scoile, má iompraíonn daltaí iad féin ar chaoi nach bhfuil ag teacht lena bhfuil sonraithe sa Chód, d'fhéadfadh sé go ngearrfaí pionós orthu agus/nó go gcuirfí ar fionraí iad agus/nó go ndéanfaí moladh don Bhord Bainistíochta go gcuirfí amach an an scoil go buan iad.
20. I nGaelcholáiste Chomáin, cuirfear cur chuige cumaisc i bhfeidhm maidir leis an ríomhfhoghlaim agus d'fhéadfadh go mbeadh difríochtaí idir na modhanna difriúla a bhíonn in úsáid ag na múinteoirí éagsúla. Mar shampla:

D'fhéadfadh roinnt múinteoirí ranganna beo rialta a reáchtáil, ach d'fhéadfadh nach ndéanfaidh múinteoirí eile amhlaidh

D'fhéadfadh roinnt múinteoirí ranganna beo rialta a réachtáil trí Zoom, ach Teams a bheadh in úsáid ag múinteoirí eile b'fhéidir

D'fhéadfadh go ndáilfeadh roinnt múinteoirí obair mar bhulthascanna seachtainiúla; tá múinteoirí eile ann a bheadh á dáileadh mar thascanna laethúla d'obair bhaile.

I ngach cás, is é an phríomhaidhm na réimsí curaclaim riachtanacha a chumhdach dá n-ábhar sainiúil. Cinnfidh an múinteoir féin an modh is éifeachtaí le húsáid chun an aidhm sin a bhaint amach. Ba cheart do na daltaí teagmháil a dhéanamh lena múinteoir má tá deacracht acu le gné ar bith dá n-ábhar nó má cheapann siad go bhfuil an t-ualach oibre dodhéanta.

21. A oiread agus is féidir, molaimid do mhúinteoirí agus do dhaltaí an tréimhse dúnta scoile gan choinne seo a úsáid chun dul chun cinn a dhéanamh leis an obair ina n-ábhair. Seans nach mbeadh sin indéanta i ngach cás, go háirithe i gcás obair phraiticiúil. Táimid ag súil go ndéanfaidh na daltaí agus na múinteoirí ar fad tréaniarracht a n-aird a choinneáil dírithe ar an teagasc agus an fhoghlaim ar líne ionas nach mbeidh siad tite ar gcúl nuair a thosóidh na ranganna sa scoil arís mar is gnáth.

Gabhaimid buíochas le pobal na scoile as cloí leis na treoirínte thuas ar mhaithe le sábháilteacht agus leas gach duine.

Arna ghlacadh agus arna chomhaontú ag an mBord Bainistíochta ar an 2/12/2020